2016. S27T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016

---

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE 10 MEITHEAMH - MAIDIN 9.30 – 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## Ceist 1. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

**A.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Cuan Chathair na Mart
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i gCathair na Mart
- An Príomhbhóthar Náisiúnta N5
- An láithreán Carbhán agus/nó Campála.

(10)

**B.** (i) 'Tá stair fhada lonnaíochta ag an limistéar a thaispeántar ar an léarscáil.'
Agus tagairtí eangaí á n-úsáid agat, ainmnigh **AGUS** aimsigh **DHÁ** shampla dhifriúla ar bith de lonnaíochtaí stairiúla.

(ii) Ainmnigh **AGUS** mínigh **DHÁ** shlí a bhféadfadh gur ndeachaigh Cuan Chathair na Mart i bhfeidhm ar fhorbairt Chathair na Mart.

(10)

**C.** Tá sé beartaithe ag cuideachta óstlann nua a thógáil ag **L 940 822**.

Agus fianaise ó léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis á húsáid agat, déan cur síos ar **THRÍ** bhuntáiste a bhainfeadh le hóstlann nua a thógáil ag an suíomh seo.

(10)

**Ceist 2.** **AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** de Chathair na Mart a thugtar leis an bpáipéar seo.

**NÓTA**: Cuimhnigh air gur aerfótagraf fiar atá anseo. Dá bhrí sin, ní mór duit na **téarmaí cearta** a úsáid, an cúlra ar clé, an tulra ar dheis, etc.

**A.** Tá roinnt talamhusáidí i gCathair na Mart a bhféadfadh sé go ndéanfaidís tairbhe do mhuintir na háite agus do chuairteoirí chun an cheantair.

(i) Agus na téarmaí cearta (tulra ar dheis etc.) á n-úsáid agat, ainmnigh **AGUS** aimsigh **DHÁ** thalamhúsáid i gCathair na Mart.

(ii) Mínigh an tairbhe a d'fhéadfadh **gach** ceann, faoi seach, de na talamhúsáidí a d'ainmnigh tú thuas a dhéanamh do mhuintir na háite agus do chuairteoirí chun an cheantair.

(10)

**B.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.

Ar do shracléarscáil, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann acu seo a leanas:

- Limistéar coillearnaí
- Droichead bóthair
- **DHÁ** shráid a bhuaileann le chéile
- Séipéal le spuaic.

(10)

**C.** Tá sé beartaithe ionad siopadóireachta a thógáil ar an suíomh a thaispeántar sa chúlra ar clé san aerfótagraf.

(i) Déan cur síos ar **DHÁ** bhuntáiste a bhaineann leis an suíomh seo mar shuíomh don ionad siopadóireachta.

(ii) Déan cur síos ar mhíbhuntáiste **AMHÁIN** a bhaineann leis an suíomh seo mar shuíomh don ionad siopadóireachta.

(10)


**Ceist 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**A. Feirmeoireacht Mheasctha**

Agus tagairt agat do fheirm a bhfuil staidéar déanta agat uirthi, déan cur síos ar an tslí ar féidir staidéar a dhéanamh ar fheirm mar chóras le hionchuir, próisis agus aschuir.

(9)

**B. Suíomh Tionscail**




Sa léaráid thuas, taispeántar cuid de na tosca a mbíonn tionchar acu ar shuíomh monarchana.


(i) Ainmnigh monarcha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **AGUS** tabhair an suíomh ina bhfuil sí.

(ii) Déan cur síos ar an tslí a raibh tionchar ag **TRÍ** cinn ar bith de na tosca sa léaráid thuas ar shuíomh na monarchan a d’ainmnigh tú thuas.

(11)

**Ceist 3. GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA (ar lean)**

## C. IASCAIREACHT




Scrúdaigh an graf thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén calafort inar tugadh an dara tonnáiste is mó éisc i dtír in 2014?

(ii) Ríomh ina thonnaí an líon **iomlán** éisc a tugadh i dtír sa Dún Mór Thoir agus i gCé na Cille Móire le **chéile**.

(iii) Mínigh **DHÁ** chúis atá le róshaothrú éisc in uiscí na hÉireann.

(iv) Ainmnigh speiceas **AMHÁIN** éisc atá i mbaol mar thoradh ar ró-iascaireacht.

(10)

**Ceist 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **4A**, **4B**, **4C**, **4D**.

**4A. Éagothroime Gheilleagrach**

## €3 mhilliún geallta ag Éirinn do Chiste Daonnúil na Náisiún Aontaithe don tSúdáin Theas

10 Feabhra 2015

Tá an Rialtas chun €3 mhilliún a thabhairt chun bia, cógais leighis, oideachas agus soláthair ríthábhachtacha a chur ar fáil do na mílte teaghlach sa tSúdáin Theas a raibh orthu a n-áiteanna cónaithe a fhágáil de bharr an chogaidh.

Bhí ar beagnach 2 mhilliún duine a n-áiteanna cónaithe a fhágáil mar thoradh ar fhoréigean forleathan, tá a bhformhór asáitithe laistigh den tSúdáin Theas agus tá beagnach leathmhilliún duine tar éis tearmann a lorg sna tíortha máguaird.



Curtha in oiriúint ó www.irishaid.ie/news-publications

Scrúdaigh an t-eolas thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéid airgid a gheall Éire do chiste daonnúil na Náisiún Aontaithe don tSúdáin Theas?

(ii) Cén fáth ar theith daoine óna n-áiteanna cónaithe?

(iii) Cé mhéid duine a lorg tearmann sna tíortha máguaird?

(iv) Mínigh an téarma *Cúnamh Éigeandála*.

(v) Ainmnigh **AGUS** mínigh cineál **AMHÁIN** eile cúnaimh.

(10)

**4B. Staidéar ar Dhaonra**

Roghnaigh tír **AMHÁIN** san Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat uirthi (Éire **nó** an tSualainn **nó** an Iodáil).

(i) Ainmnigh limistéar **AMHÁIN** sa tír Eorpach seo ina bhfuil dlús **íseal** daonra.


(ii) Ainmnigh limistéar **AMHÁIN** sa tír Eorpach seo ina bhfuil dlús **ard** daonra.

(iii) Mínigh **DHÁ** chúis a bhfuil dlús **ard** daonra sa limistéar a d'ainmnigh tú thuas.

(10)

## Ceist 4. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA (ar lean)

### 4C. Báisteach Aigéadach


Curtha in oiriúint ó www.icett.or.jp

(i) Mínigh cúis **AMHÁIN** le báisteach aigéadach.

(ii) Déan cur síos ar iarmhairt **AMHÁIN** ar bháisteach aigéadach.

(iii) Ainmnigh **DHÁ** shlí inar féidir le daoine báisteach aigéadach a laghdú.

(10)

### 4D. Staidéar Uirbeach



Curtha in oiriúint ó www.irishexaminer.ie


Curtha in oiriúint ó www.irishindependent.ie


Curtha in oiriúint ó www.journalr.ie

(i) Ainmnigh cathair **AMHÁIN** a bhfuil staidéar deánta agat uirthi.

Déan cur síos agus tabhair miniú ar **DHÁ** fhadhb ar bith a bhíonn sa chathair sin.

(ii) Mínigh ceann **AMHÁIN** de na téarmaí a leanas:

- Athnuachan uirbeach
- Athfhorbairt uirbeach
- Lárcheantar Gnó.

(10)

## Ceist 5. TÍREOLAÍOCHT FHISICEACH

### A. Ag Múnlú Dhromchla an Domhain

Ainmnigh gné **AMHÁIN** a fhoirmítear mar thoradh ar shil-leagan abhann.

Mínigh, agus léaráid(í) mar chúnamh agat conas a foirmíodh an ghné seo.

(10)

### B. Creathanna Talún

(i) Mínigh conas a tharlaíonn creathanna talún.

(ii) Déan cur síos ar **DHÁ** iarmhairt a bhíonn ag crith talún ar chathair mhór.

(10)

### C. Ollghluaiseacht







(i) Ainmnigh **DHÁ** chineál ollghluaiseachta ar bith **AGUS** luaigh cé acu an sampla d'ollghluaiseacht **mhear** nó d'ollghluaiseacht **mhall** gach cineál ollghluaiseachta a d'ainmnigh tú.

(ii) Roghnaigh ceann **AMHÁIN** de na cineálacha ollghluaiseachta a d'ainmnigh tú thuas agus mínigh conas a tharlaíonn sé.

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **AMHÁIN** a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar ollghluaiseacht.

(10)

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán